Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)**

**13917/23**

**INST 383
POLGEN 142
AG 115**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 638 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Clár Oibre 2024 an Choimisiúin<br>Beart a dhéanamh de réir briathair inniu agus ullmhú don lá amárach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 638 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 638 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.10.2023
COM(2023) 638 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Clár Oibre 2024 an Choimisiúin**

**Beart a dhéanamh de réir briathair inniu agus ullmhú don lá amárach**

## 1. Beart a dhéanamh de réir briathair inniu agus ullmhú don lá amárach

*'Le chéile, léiríomar **go n- éiríonn leis an Eoraip rudaí a dhéanamh ach a bheith misniúil ceannasach**. Níl deireadh lenár gcuid oibre go fóill, ach a mhalairt ar fad, mar sin seasaimis le chéile. **Déanaimis beart de réir ár mbriathair inniu agus ullmhaímis don lá amárach.**'*
*Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, aitheasc ar Staid an Aontais, 13 Meán Fómhair 2023.*

I mí an Mheithimh an bhliain seo chugainn, glacfaidh muintir na hEorpa páirt i **mbeart daonlathach is mó na hilchríche**. I measc breis is 400 milliún duine atá i dteideal vóta a chaitheamh sa toghchán le haghaidh Pharlaimint nua na hEorpa, beidh roinnt mhaith daoine óga atá **ag dul i mbun a gceart daonlathach** den chéad uair – daoine óga atá 16 bliana agus 17 mbliana d'aois i gcúig cinn de na Ballstáit ina measc.

Is le torthaí an toghcháin a leagfar amach an cosán le haghaidh na 5 bliana amach romhainn agus ina ndiaidh sin, agus tá an toghchán á reáchtáil ag **pointe cinniúnach i stair na hEorpa**.

Tá roinnt mhaith **dúshláin agus deiseanna cinniúnacha romhainn**. Ina measc siúd, tá na géarchéimeanna ó thaobh aeráide agus bithéagsúlachta de, an réabhlóid dhigiteach agus an intleacht shaorga; ionradh brúidiúil na Rúise ar an Úcráin agus na géarchéimeanna ó thaobh phraghas an fhuinnimh agus an chostais maireachtála de a d'eascair as; an imirce, agus fás eacnamaíoch agus iomaíochas a áirithiú.

Ag tús na tréimhse oifige, rinne an Coimisiún **clár oibre uaillmhianach le haghaidh Aontas níos láidre agus níos athléimní** a leagan amach. Ghabhamar orainn féin gníomhaíocht cheannasach a dhéanamh le bheith ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach agus timpeallacht nádúrtha na hEorpa a chaomhnú, le bheith ar thús cadhnaíochta i ndáil le haistriú digiteach nuálach atá dírithe ar dhaoine, le borradh a chur faoinár ngeilleagar agus an chothroime shóisialta, an cuimsiú agus an rathúnas á áirithiú an tráth céanna, lenár gceannasaíocht dhomhanda fhreagrach a threisiú, lenár saoránaigh agus ár luachanna a chosaint, agus lenár ndaonlathas a chothú agus a neartú.

Tá athrú ollmhór ar an domhan ó bhí 2019 ann, áfach. Mar Aontas, b'éigean dúinn **freagairt agus dul in oiriúint do dhúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh cheana**, agus b'éigean dúinn freisin a bheith aontaithe inár bhfreagairtí i gcónaí agus diúltú tarraingt siar ónár n- uaillmhianta a bhaint amach.

Chuireamar dlús faoi na haistrithe dúbailte glasa agus digiteacha, chuireamar NextGenerationEU i bhfeidhm ar straitéis chinniúnach í, neartaíomar ról an Aontais mar cheannaire domhanda, agus chuireamar chun cinn na luachanna atá ag croílár ár sochaithe, amhail an daonlathas agus an smacht reachta. Trínár **Straitéis Slándála Eacnamaíche**, déanaimid iarracht tairbhe a bhaint as oscailteacht eacnamaíoch an Aontais, agus na rioscaí a eascraíonn as teannais gheopholaitiúla agus as aistrithe teicneolaíochta brostaithe a laghdú an oiread is féidir.

Tá an clog ag bagairt ar ár gcuid oibre chun na príomhthograí reachtacha nár baineadh amach go fóill a thabhairt i gcrích ar tograí iad a chuir an Coimisiún seo i láthair lena áirithiú **go bhféadfaidh saoránaigh agus gnólachtaí lántairbhe a bhaint as ár ngníomhaíochtaí beartais**. Chuige sin, sna míonna amach romhainn, tacóidh an Coimisiún le Parlaimint na

hEorpa agus leis an gComhairle ina n- iarrachtaí chun teacht ar chomhaontú maidir leis na tograí reachtacha atá ar feitheamh.

Tá sa chlár oibre sin **líon teoranta tionscnaimh nua** lena gcuirtear le gealltanais a tugadh cheana féin nó lena bhfreagraítear do dhúshláin a thagann chun cinn, rud a fhágann gur féidir díriú isteach ar an gcúram sin, agus formhór an chreata reachtaigh is gá a gealladh faoin sainordú seo, tá sé i bhfeidhm cheana féin.

Tá **athléimneacht le sonrú ar gheilleagar an Aontais i gcónaí** d'ainneoin na ndúshlán a bhí romhainn le tacaíocht ónár n- iarrachtaí chun an tslándáil fuinnimh a neartú, margadh athléimneach saothair, agus maolú srianta soláthair.

Tá an **Comhaontú Glas don Eoraip**, ar iarracht atá ar thús cadhnaíochta atá ann chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta, agus an clár oibre maidir le fás san Eoraip ina gcuid lárnach d'obair an Choimisiúin i gcónaí. Cé gur ar an **gcur chun feidhme** is mó atáimid ag díriú anois, tá tograí á gcur i láthair i mbliana againn freisin maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n- iompar, cosc a chur ar an truailliú ó mhicreaphlaistigh, feabhas a chur ar an bhfaireachán ar fhoraoisí, agus pacáiste soghluaisteachta. Ina theannta sin, tríd an **Deacáid Dhigiteach**, leanfaimid lenár n- iarrachtaí chun ár n- aghaidh a thabhairt ar thodhchaí dhigiteach inbhuanaithe níos rathúla atá dírithe ar an duine.

Beidh **NextGenerationEU** ríthábhachtach i gcónaí chun soláthairtí fuinnimh atá sábháilte, inacmhainne agus glan, iomaíochas earnáil tionsclaíochta na hEorpa, comhtháthú sóisialta agus críochach, agus an t- aistriú i dtreo geilleagar glan-nialasach ciorclach atá dearfach ó thaobh an dúlra de a áirithiú. Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit go léir chun **dlús a chur le cur chun feidhme a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta**, i gcomhréir leis na moltaí a bhaineann go sonrach le tír ar leith faoin Seimeastar Eorpach, lena n- áirítear a gcaibidlí maidir le REPowerEU. Cuirfimid i láthair meastóireacht eatramhach ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta go luath an bhliain seo chugainn.

Chun **fostaíocht agus infheistíochtaí níos mó** a chur chun cinn san Eoraip, leanfaimid orainn freisin leis an obair chun dlús a chur le leathnú amach an fhuinnimh in-athnuaite agus praghas an fhuinnimh á choinneáil faoi smacht, chun soláthairtí príomh-thráchtearraí straitéiseacha amhail amhábhair chriticiúla agus hidrigin ghlan a áirithiú, agus chun an t- ualach riaracháin a laghdú, go háirithe maidir le tuairisciú i gcomhréir lenár straitéis chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach an Aontais.

An tráth céanna, ní mór dúinn **tógáil creata rialachais eacnamaíoch a thabhairt chun críche a bheidh oiriúnach le haghaidh na ndúshlán amach romhainn.** Ciallaíonn sé sin teacht ar chomhaontú i ndáil le tograí an Choimisiúin maidir le rialacha rialachais a athchóiriú agus inbhuanaitheacht fiachais a neartú agus maidir le fás inbhuanaithe cuimsitheach a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíocht.

I gcomhar le hUachtaránacht na Beilge, tionólfaidh an Coimisiún **Cruinniú Mullaigh de na Comhpháirtithe Sóisialta in Val Duchesse** chun plé a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh ár margaí saothair, ár n- oibrithe agus ár ngnólachtaí, dúshláin a bhaineann le heaspa scileanna agus saothair agus leis an intleacht shaorga ina measc.

Cuireadh i dtábhacht láidreachtaí agus cumais ár nAontais mar thoradh ar na dúshláin atá romhainn le blianta beaga anuas. Tá buiséad an Aontais ar tí a ídithe de thoradh na ndúshlán

sin, mar sin féin, d'ainneoin na solúbthachtaí ionsuite agus an ath-chlársceidealaithe fhairsing. Chun cur ina aghaidh sin, chuireamar síos togra chun **buiséad fadtéarmach an Aontais a neartú** le go bhféadfaí dul i ngleic leis na riachtanais is práinní, agus tá foráil sa togra sin maidir le méadú spriocdhírithe ar chaiteachas an Aontais chun ár dtacaíocht leis an Úcráin a neartú, chun cur le hacmhainneacht an Aontais chun freagairt d'éagobhsaíochtaí eacnamaíocha agus geopholaitiúla níos mó, do ghéarchéimeanna daonnúla agus do thubaistí nádúrtha, agus chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí straitéiseacha chun an t- iomaíochas fadtéarmach a chothú.

I gcomhréir leis an gcaibidlíocht maidir le buiséad fadtéarmach an Aontais le haghaidh 2021-2027, rinneamar **togra coigeartaithe maidir le hacmhainní dílse nua** a chur chun cinn le rannchuidiú le haisíoc na hiasachtaíochta faoi NextGenerationEU a mhaoiniú.

Tá an **Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann** ar an bhfreagra struchtúrach i gcónaí atá ag teastáil ón Aontas chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ó thaobh na himirce de amach anseo. Príomhthosaíocht is ea an comhshocrú a ghlacadh mar ní mór tús a chur leis an obair an bhliain seo chugainn le hullmhú dá chur chun feidhme tapa.

Tá pobal na hÚcráine ag leanúint orthu de chur go cróga in aghaidh fhórsaí ionraidh na Rúise gan stad gan staonadh, agus **ní thiocfaidh maolú ar dhlúthpháirtíocht an Aontais leis an Úcráin**. Go dtí seo, sholáthair an tAontas agus a Bhallstáit, de réir chur chuige Fhoireann na hEorpa, **tacaíocht iomlán EUR 82 bhilliún**, lena n- áirítear cabhair dhaonnúil, trealamh míleata agus oiliúint, earraí ábhartha le haghaidh na sibhialtach lena n- áirítear gineadóirí, busanna scoile, earraí leighis agus aslonnuithe leighis, cathracha a atógáil ar bhealach ardchaighdeáin, inbhuanaithe agus cuimsitheach, cabhair le haghaidh leanaí agus scoileanna a ndearnadh damáiste dóibh a dheisiú, agus tacaíocht eacnamaíoch. Soláthraítear an tacaíocht sin i gcomhar lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta laistigh den **ardán ilghníomhaireachtaí comhordaithe deontóirí don Úcráin** a seoladh i mí Eanáir 2023 tar éis cinneadh ó cheannairí G7. An Coimisiún a óstálann rúnaíocht an ardáin a éascaíonn dlúth-chomhordú idir deontóirí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí airgeadais agus a áirithíonn tacaíocht atá comhleanúnach, trédhearcach agus cuntasach.

Chabhraigh na **lánaí dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin** leis an Úcráin breis is **57 milliún tona d'earraí talmhaíochta agus beagnach 45 mhilliún tona de tháirgí neamhthalmhaíochta a onnmhairiú, agus earraí a bhfuil gá leo sa tír a allmhairiú**. Tríd an Ardán Comhordaithe Chomhpháirtigh, déanfaidh an Coimisiún gach iarracht seachadadh tráthúil seasmhach earraí talmhaíochta na hÚcráine chuig margaí domhanda a éascú.

Cáineann an Coimisiún cinneadh na Rúise deireadh a chur le **Tionscnamh Gráin na Mara Duibhe** agus leanfaidh sé de thacú le gach iarracht chun rioscaí slándála agus sábháilteachta don loingseoireacht sa Mhuir Dhubh a mhaolú. Ghlac an Chomhairle togra an Choimisiúin chun **síneadh a chur leis an gcosaint shealadach** do dhaoine ar a dteitheadh ó ionsaí na Rúise ar an Úcráin go dtí an 3 Márta 2025. I gcomhar le tionscnaimh CARE agus FAST-CARE, soláthróidh sé sin cinnteacht agus tacaíocht do bhreis is 4 mhilliún duine atá ag tairbhiú de chosaint ar fud an Aontais.

Ina theannta sin, ghlac an tAontas roinnt **tionscnaimh éigeandála** níos tapa ná riamh in 2022 chun éifeachtaí na géarchéime fuinnimh ar an tionscal agus ar theaghlaigh a mhaolú.

Ar deireadh, chun béim a leagan ar ghealltanas an Aontais seasamh leis an Úcráin chomh fada agus is gá, cruthóimid **saoráid chun tacaíocht suas le EUR 50 billiún a sholáthar don Úcráin** sa tréimhse 2024-2027. Freastalófar leis an gcistiú sin ar riachtanais phráinneacha na hÚcráine, agus ina theannta sin cuirfear borradh lena téarnamh agus tacófar lena nuachóiriú agus é ar an mbealach i dtreo ballraíocht den Aontas.

I gcomhar lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, rinneamar bearta chun a áirithiú go ngearrfar pionós ar choireanna cogaidh a dhéanann an Rúis san Úcráin agus go n- íocfaidh an Rúis cúiteamh as an dochar atá déanta aici. Thosaigh an **Lárionad Idirnáisiúnta um ionchúiseamh choir an fhogha faoin Úcráin** i mbun oibríochtaí sa Háig agus beidh sé an-tábhachtach chun imscrúdú a dhéanamh ar na gníomhartha uafásacha sin agus chun tógáil cásanna a éascú le haghaidh trialacha amach anseo. Déanfaimid ár míle dícheall chun na daoine atá freagrach a thabhairt chun cuntais. Táimid ag leanúint freisin leis an obair chun go bhféadfaí fáltais ó shócmhainní Rúiseacha urghafa a úsáid ar mhaithe le hatógáil na hÚcráine.

Ní mór don Aontas **ullmhú dá mhéadú rathúil** chun síocháin agus cobhsaíocht fhadtéarmach a chothú san Eoraip. Oibreoimid i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe agus iad ag ullmhú don chéim chinniúnach sin, lena n- áirítear rochtain ar Thuarascálacha an Choimisiúin maidir leis an Smacht Reachta a thabhairt do na tíortha aontachais a n- éiríonn leo an t- ullmhúchán a dhéanamh níos tapa fós.

Ní mór don Aontas a bheith ullamh freisin. Déanfaidh an Coimisiún **Teachtaireacht maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais** a chur chun cinn le féachaint ar an difear a dhéanfaí do gach beartas de thoradh Aontas níos mó agus ar an gcaoi a bhfeidhmeodh na hinstitiúidí Eorpacha.

Leanfaimid orainn leis an **rannpháirtíocht le tíortha agus réigiúin** ar fud an domhain, go háirithe san Afraic, chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus chun an rialachas iltaobhach agus comhar idirnáisiúnta bunaithe ar rialacha a neartú.

Inár ngníomhartha go léir, táimid tiomanta i gcónaí do **Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe** agus dá spriocanna forbartha inbhuanaithe a bheidh ag croílár ár mbeartas[1] agus ár gcláir oibre le haghaidh rialáil níos fearr[2].

## 2. <u>Rialáil Níos Fearr, cur chun feidhme agus forfheidhmiú dhlí an Aontais</u>

### 2.1. Rialáil Níos Fearr, laghdú ualaí agus cuíchóiriú ceanglas tuairiscithe

Tá laghdú ualaí riaracháin ríthábhachtach chun **iomaíochas ghnólachtaí an Aontais a choinneáil ar bun**. Is ar an gcúis sin a leagadh amach sprioc chun **ualaí a bhaineann le ceanglais tuairiscithe a laghdú faoi 25 %** i dTeachtaireacht an Choimisiúin maidir leis an iomaíochas fadtéarmach[3], gan an bonn a bhaint de chuspóirí beartais. Ar an gcaoi sin, déanfar cuíchóiriú ar na ceanglais sin, a bhfuil tionchar díréireach acu ar ghnólachtaí, lena n- áirítear

1 Athbhreithniú deonach an Aontais ar chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

2 Rinneadh na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a phríomhshruthú i bhfoireann uirlisí na Rialála Níos Fearr agus i bhforbairt beartais an Choimisiúin lena áirithiú go rannchuidíonn gach togra reachtach le clár oibre 2030 maidir le forbairt inbhuanaithe.

3 COM(2023) 168.

FBManna agus micrea-chuideachtaí, agus riaracháin, agus áiritheofar go gcomhlíonfaidh siad a gcuspóir beartaithe.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, ghlac an Coimisiún reachtaíocht, lena n- áirítear reachtaíocht chun Cód Custaim an Aontais a athchóiriú, agus ar an gcaoi sin cruthófar comhéadan aonair amháin don Aontas agus éascófar an athúsáid sonraí. Le chéile, beidh **coigilteas costais thart ar EUR 2 bhilliún** ina thoradh ar na bearta sin. Ina theannta sin, beidh coigilteas costais – lena n- áirítear le haghaidh FBManna – **EUR 450 milliún measta** ina thoradh ar an athbhreithniú beartaithe ar an Rialachán maidir le staidreamh Eorpach, lena laghdófar an líon suirbhéanna agus lena gcuirfear leis an úsáid a bhaintear as próisis uathoibrithe shimplithe. Leis an gclár oibre sin, tá **tograí breise maidir le cuíchóiriú** [4]á gcur chun cinn ag an gCoimisiún chun an t- ualach riaracháin a laghdú gan baint de chaighdeáin shóisialta, sábháilteachta, cosanta tomhaltóirí, chomhshaoil ná eacnamaíocha. Leis na tograí sin, déanfar **cuíchóiriú ar cheanglais tuairiscithe nach bhfuil ach úsáid theoranta ag baint leo**, mar shampla trí oibleagáidí forluiteacha a chomhdhlúthú, laghdú a dhéanamh ar an líon gnólachtaí lena mbaineann agus cur leis an digitiú.

Chun am a thabhairt do pháirtithe leasmhara dul in oiriúint do cheanglais nua, cuirfimid siar an sprioc-am chun na **caighdeáin Eorpacha um thuairisciú inbhuaine**, a bhaineann go sonrach le hearnálacha, a ghlacadh. Déanfaidh an Coimisiún **coigeartú ar thairseacha na Treoracha Cuntasaíochta** sa chaoi is go mbeidh coinne go dtairbheoidh breis is milliún cuideachta de cheanglais tuairiscithe laghdaithe, agus déanfaidh sé athbhreithniú ar an **Rialachán maidir le Tagarmharcanna**, lena n- áirítear chun riarthóirí tagarmharcanna níos lú, a bhfuil 90 % den daonra i gceist leo, a dhíolmhú agus leibhéal ard cosanta do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí a áirithiú an tráth céanna. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin comhroinnt sonraí a éascú idir údaráis a dhéanann maoirseacht ar an earnáil airgeadais agus tuairisciú dúblálach a sheachaint. Tá comhaontú tráthúil agus cur chun feidhme forleathan cineáil choitinn formáide leictreonaí le haghaidh **dearbhuithe maidir le hoibrithe ar postú** á chur chun cinn ag an gCoimisiún. Comhlánófar é le hobair chun tairseach ilteangach a chur ar fáil, agus is é is aidhm don Choimisiún é a chur ar a gcumas do chuideachtaí dearbhuithe maidir le postú a chur isteach ar bhealach digiteach ina dteanga féin, le haghaidh na mBallstát do léir a chinnfidh leas a bhaint as an uirlis sin.

Faoin **dara fógra maidir le tuairisciú tacsanomaíochta**, lena dtreoraítear léirmhíniú ar nochtuithe a bhaineann le tacsanomaíocht, soiléireoimid nach bhfuil gá le haon mheasúnú ó ghnóthais le haghaidh gníomhaíochtaí nach ábhartha iad dá ngnó agus i gcás ina bhfuil fianaise nó sonraí in easnamh chun comhlíontacht chritéir scagtha theicniúil Thacsanomaíocht an Aontais a chruthú. Beidh tairbhí foriomlána do ghnólachtaí ar fiú thart ar **EUR 630 milliún** in aghaidh na bliana ina dtoradh ar dheireadh a chur le hoibleagáidí áirithe maidir le nochtadh a bhaineann le cásanna réitigh mhalartaigh díospóidí agus ardán nua a chur in ionad an ardáin réitigh mhalartaigh díospóidí.

[4] Féach Iarscríbhinn II le haghaidh forbhreathnú mionsonraithe ar thionscnaimh a rinneadh ón 16 Márta 2023, a ndearnadh dul chun cinn orthu leis an gclár oibre sin nó a ghlacfar amach anseo.

Cuimseofar leis na tograí freisin caighdeáin mhargaíochta le haghaidh táirgí iascaigh, sláinte plandaí, iompar, talmhaíocht agus faireachán ar bhonneagar spásúil. Oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis na **comhreachtóirí chun tíos na gceanglas tuairiscithe a chaomhnú**, fad nach ndéantar aidhmeanna agus cuspóir na reachtaíochta a chur i mbaol. Mar shampla, le haghaidh **na Treorach atá beartaithe i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach**, tacóidh an Coimisiún le cur i bhfeidhm comhréireach na gceanglas, go háirithe i réimsí amhail ról grúpaí, d'fhonn éifeachtúlacht a áirithiú agus ualach neamhriachtanach a sheachaint.

Le haghaidh an **Rialacháin maidir le tairseach d'astaíochtaí tionsclaíocha**, tá an Coimisiún tiomanta do dhlús a chur leis an digitiú agus ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú a thuilleadh. Leis an athbhreithniú ar an **gcomhordú ar an gcreat slándála sóisialta**, leanfaidh an Coimisiún de thacú leis na comhreachtóirí chun teacht ar réitigh éifeachtacha inoibrithe lena gcosnaítear oibrithe agus lena n- éascaítear gníomhaíochtaí trasteorann sa mhargadh inmheánach. Thairis sin, tá an **clár don Eoraip Dhigiteach** ar fáil chun tionscnaimh na mBallstát a chistiú chun modhanna tuairiscithe teicniúla simplí a sholáthar, amhail pointe iontrála aonair chun cibirtheagmhais a thuairisciú i gcreat na Treorach maidir le bearta chun leibhéal ard comhchoiteann **cibearshlándála** a áirithiú ar fud an Aontais (Treoir NIS2).

Is **iarracht fhadtéarmach é cuíchóiriú na gceanglas tuairiscithe ar gá díriú air go ceann i bhfad**. Chun an dul chun cinn a thomhas, beidh sé ríthábhachtach **bonnlíne** de cheanglais tuairiscithe a bhunú, cé gur casta a leithéid i bhfianaise fhairsinge reachtaíocht an Aontais agus idirghníomhaíocht na reachtaíochta sin le dlíthe náisiúnta agus réigiúnacha. Is féidir le páirtithe leasmhara rannchuidiú le tuiscint níos fearr a mhúnlú ar an difear a dhéanann tírdhreach na gceanglas tuairiscithe dóibh. Is ar an gcúis sin a sheolamar glao ar fhianaise[5] chun aiseolas a bhailiú ar cheanglais tuairiscithe atá ródhian. Déanfar comhairliúcháin bhreise le cuideachtaí, lena n- áirítear Líonra Toscairí na FBManna, saineolaithe ó na Ballstáit agus páirtithe leasmhara eile, chun ceisteanna an-achrannach agus réimsí a dtabharfar tús áite dóibh a shainaithint. Ceapfaidh an Coimisiún **Toscaire AE na FBManna** freisin a ghlacfaidh páirt in éisteachtaí an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála maidir le tionscnaimh a théann i bhfeidhm go mór ar FBManna. Ina theannta sin, rachaidh an Coimisiún i ngleic leis na ceanglais tuairiscithe atá ródhian ar shainaithin a Ard-Stiúrthóireachtaí iad le **pleananna cuíchóirithe** spriocdhírithe le haghaidh 2024 agus ina dhiaidh sin. Tuairisceoimid ar an dul chun cinn i dtreo sprioc 25 % sna suirbhéanna bliantúla ar ualaí, ag tosú le heagrán 2023 a fhoilseofar an bhliain seo chugainn.

Déanfaidh an Coimisiún forbairt **uirlisí intleachta saorga** agus **samhlacha móra teanga** a chur ag croílár an tionscnaimh sin. Cabhróidh sé sin linn ceanglais tuairiscithe a shainaithint i reachtaíocht an Aontais, bunaithe ar mheáin chaighdeánaithe, agus tacóidh sé linn anailís a dhéanamh ar a n- éifeacht in earnáil ar leith. Oibreoidh sé freisin ar fhairsingiú úsáid **ríomhardán** chun sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt, amhail an Tairseach Aonair Dhigiteach, an ríomhardán a bunaíodh faoin Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide agus an tArdán Airgeadais Dhigitigh. Ina theannta

5 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13990-Ualach-riarachain-cuichoiriu-na-gceanglas-maidir-le-tuairisciu_ga

sin, déanfaidh an Coimisiún **meastóireachtaí agus seiceálacha oiriúnachta** chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an reachtaíocht a shimpliú agus cuid den ualach a bhaint, le béim ar dheiseanna breise a shainaithint chun ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú[6]. Maidir leis na meastóireachtaí ar chláir agus ar chistí an chreata airgeadais ilbhliantúil, a bheidh le déanamh in 2024, deis eile atá iontu chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir ualaí a bhaineann le cláir airgeadais an Aontais a laghdú.

Leis an gcuíchóiriú ar cheanglais tuairiscithe, comhlánaítear uirlisí an Choimisiúin chun ualaí a laghdú. Faoi **chlár an Choimisiúin um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT)**, lorgaítear deiseanna chun an t- ualach a laghdú i ngach meastóireacht agus athbhreithniú, agus déantar measúnuithe tionchair le haghaidh gach togra mór lena áirithiú gur mó na tairbhí ná an costas. Mar shampla, ach córas Cánachais Ceannoifige a bhunú, simpleofar na rialacha agus laghdófar na costais comhlíontachta cánach le haghaidh FBManna a bhfuil a n- oibríochtaí á bhfairsingiú thar theorainneacha acu. Leis an togra maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT), d'fhéadfaí costais comhlíontachta cánach a laghdú suas le 65 % le haghaidh gnólachtaí a oibríonn san Aontas.

Ina theannta sin, ó bhí Eanáir 2022 ann, leis an gcur chuige **'ceann amháin isteach, ceann amháin amach'**, chuir an Coimisiún tograí i láthair lena soláthrófar **coigilteas riaracháin ar fiú EUR 7,3 billiún níos mó ná na costais é**[7]. Cuireann an **tArdán 'Réidh don Todhchaí'** comhairle ar an gCoimisiún freisin maidir le conas ualaí i ndlí an Aontais a laghdú.

### 2.2. Cur chun feidhme agus forfheidhmiú dhlí an Aontais

Le gur féidir le daoine agus le gnólachtaí san Aontas tairbhe iomlán a bhaint as ár rialacha comhaontaithe, ní mór dlí an Aontais a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm ar bhealach iomlán, tráthúil agus ceart ar fud an Aontais. Is é sin an fáth a d**tugann an Coimisiún seo tús áite d'fhorfheidhmiú dhlí an Aontais**. Ag an tráth seo den tréimhse oifige, áiritheoimid go dtugtar aird níos mó arís do chúraimí cur chun feidhme agus forfheidhmiúcháin, lena áirithiú go dtéann na rialacha comhaontaithe chun tairbhe do dhaoine agus do ghnólachtaí. Dul i ngleic le dúshláin ó thaobh cur chun feidhme de agus tograí á bhforbairt agus treoraíocht a thabhairt do na Ballstáit, is bealaí iad chun cosc a chur le fadhbanna go luath. Chun dlíthe níos éifeachtúla den Aontas a sheachadadh, oibreoimid i gcomhar leis **na Ballstáit** ionas nach gcuirfear ualaí neamhriachtanacha ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh agus treoracha an Aontais á dtrasuí sa dlí náisiúnta. I gcás ina dtarlaíonn sáruithe, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag plé leis na Ballstáit chun na fadhbanna a réiteach go tapa agus chun **gníomhú go cinntitheach maidir le sáruithe** a chuireann bac ar chur chun feidhme cuspóirí beartais tábhachtacha den Aontas, nó a bhfuil baol ann go mbainfidh siad an bonn de luachanna agus de shaoirsí bunúsacha an Aontais.

Rinne an Coimisiún **athbhreithniú** leis na Ballstáit in 2022 lena áirithiú gurb éifeachtach i gcónaí na huirlisí forfheidhmiúcháin atá ar fáil dó. Táimid ag cur a thorthaí agus a mholtaí chun feidhme anois chun feabhas a chur ar an mbealach a áirithíonn an Coimisiún agus na Ballstáit forfheidhmiú dhlí an Aontais. Oibreoimid go dlúth leis na Ballstáit chun cur chun feidhme reachtaíochta nua a éascú trí thacaíocht mhéadaithe ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe i réimsí

---

6 Féach Iarscríbhinn II le haghaidh forbhreathnú mionsonraithe ar thionscnaimh agus ar thograí.

7 Suirbhé Bliantúil ar an Ualach 2022; https://commission.europa.eu/publications/2022-annual-burden-survey_en

ina bhféadfadh gá a bheith le tuilleadh iarrachtaí chun trasuí tráthúil agus ceart na dtreoracha a áirithiú, agus trí fhaireachán níos córasaí ar rialacháin a chur chun feidhme. Leanfaimid freisin chun trédhearcacht ghníomhaíochtaí forfheidhmithe an Choimisiúin a atreisiú, agus tuilleadh faisnéise agus sonraí á bhfoilsiú ar bhealach níos soláimhsithe. Cuideoidh sé sin le daoine den phobal a bheith rannpháirteach sa phróiseas sin agus comhlíontacht níos tapa ó na Ballstáit a chur chun cinn, trí éachtaí dearfacha a chur i dtábhacht agus creidiúint a thabhairt do dhea- chleachtais, ag cruthú brú piaraí an tráth céanna maidir le sáruithe ar dhlí an Aontais gan réiteach.

## 3. Na sé phríomh- uaillmhian a bhaint amach

Mar a luadh san aitheasc ar Staid an Aontais Eorpaigh, tá os cionn 90 % de na gealltanais a rinneadh i dTreoirlínte Polaitiúla 2019 ón Uachtarán von der Leyen bainte amach ag an gCoimisiún. In 2024, tá gá le hiarracht thiomnaithe ó na comhreachtóirí chun teacht ar chomhaontú maidir le tograí atá fós gan réiteach chun tairbhí a thabhairt do shaoránaigh agus gnólachtaí na hEorpa.

### 3.1. Comhaontú Glas don Eoraip

Mar gheall ar an bpráinn atá le beart a dhéanamh chun ár bpláinéad a chosaint agus a chaomhnú, is é an Comhaontú Glas don Eoraip ár gclár oibre fáis, rud a chruthaíonn don domhan gur féidir le nuachóiriú agus dícharbónú a bheith fite fuaite ina chéile. Tá an plean claochlaithe ghlais is uaillmhianaí ar domhan ag an Aontas, plean ina bhfuil na spriocanna **aeráidneodracht, geilleagar ciorclach** agus **geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, chomh maith le díghrádú comhshaoil a chosc, bithéagsúlacht a chaomhnú agus comhshaol truaillithe nialasaigh a chruthú**. I bhfianaise chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, ghníomhaigh an Coimisiún go tapa chun slándáil an tsoláthair fuinnimh a áirithiú agus, an tráth céanna, neartaigh sé gealltanas an Aontais maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus mhéadaigh sé ár mbonn tionsclaíoch in earnálacha na teicneolaíochta glaine. Moladh athruithe struchtúracha bunúsacha do na margaí leictreachais agus gáis, chomh maith le tionscnaimh nua chun a bheith ar thús cadhnaíochta i dteacht chun cinn margaí hidrigine glasa.

Leanfaimid lenár n- iarrachtaí chun a áirithiú go ndéanfar an t- aistriú glas ar bhealach cóir, cliste agus ionchuimsitheach, gan aon duine nó aon áit a fhágáil ar lár, agus an tráth céanna a bheith rannpháirteach go gníomhach lenár gcomhpháirtithe tríú tíortha, lena n- áirítear chun fás glas a neartú. Chuige sin, tionscnóidh an Coimisiún sraith idirphléití glasa chun dul i gcomhar go hiomlán agus go díreach le **saoránaigh**, chomh maith le **hidirphléití maidir leis an aistriú glan le lucht tionscail agus le comhpháirtithe sóisialta.** I gcomhthráth, tá an Coimisiún ag leanúint lena chuid oibre ullmhúcháin maidir le cur chun feidhme an Chiste Aeráide Sóisialta a bheidh ann amach anseo, a thacóidh, i gcomhar leis an gCiste um Aistriú Cóir, le saoránaigh, gnólachtaí agus réigiúin leochaileacha leis an aistriú. Seolfaidh an Coimisiún **idirphlé straitéiseach ar thodhchaí na talmhaíochta san Aontas**, ag dul i gcomhar a thuilleadh le feirmeoirí, le páirtithe leasmhara sa bhiashlabhra agus le saoránaigh, ag obair le chéile ar an aistriú i dtreo córais bhia inbhuanaithe.

I bhfianaise bagairtí domhanda nua, tá pleananna leagtha amach ag an gCoimisiún chun **slándáil bia a chosaint** agus **athléimneacht na gcóras bia a atreisiú** sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Trína Straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc', tá sé ag baint amach na físe maidir

le córas bia an Aontais a dhéanamh cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Áiríodh sa straitéis freisin gníomhaíocht chun iascach agus dobharshaothrú inbhuanaithe agus athléimneach a bhaint amach. I gcomhthráth, ghlac an Coimisiún tuilleadh beart chun an **geilleagar ciorclach** a thógáil, chuir sé síos tionscnaimh shuaitheanta maidir le cosaint na **bithéagsúlachta agus athchóiriú na n- éiceachóras damáistithe** agus chuir sé i láthair iad mar phríomhthograí faoin bplean gníomhaíochta um **thruailliú nialasach**. D'oibrigh an tAontas freisin ar a athléimneacht maidir le tubaistí a neartú, lena n- áirítear trí fhlít comhraicthe dóiteáin aerga rescEU a dhúbailt agus ár Sásra um Chosaint Shibhialta a threisiú.

Tá formhór na dtionscnamh a leagtar amach i dTeachtaireacht 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip bainte amach, agus tá roinnt mhaith díobh aontaithe ina ndlí cheana féin. **Tá sé ríthábhachtach teacht ar chomhaontú go pras ar na tograí eile** chun an tAontas a choimeád ar an mbóthar ceart i dtreo na haeráidneodrachta. Áirítear leis sin na tograí maidir le haistrithe dé- ocsaíde carbóin, laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh, astaíochtaí tionsclaíocha, feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí nua saothair throm, cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall, athbhreithniú ar na rialacha maidir le ciorclaíocht feithiclí, athbhreithniú ar an rialachán TEN- T agus glasú pacáistí lasta, chomh maith le dearadh an mhargaidh leictreachais, gáis in-athnuaite agus nádúrtha agus hidrigin. Chun **feirmeoireacht inbhuanaithe agus slándáil bia** a chothú, ba cheart teacht ar chomhaontú maidir leis na tograí ar phlandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha áirithe nua agus úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí freisin. Chun sinn a thabhairt níos gaire **d'fhíorgheilleagar ciorclach** is gá dúinn teacht ar chomhaontú go tapa maidir leis na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí inbhuanaithe, dramhaíl agus pacáistiú, loingsiú dramhaíola, agus deisiú earraí. Chun **dul chun cinn a dhéanamh i dtreo truailliú nialasach agus chun ár ndúlra a chosaint agus a athchóiriú**, beidh orainn na moltaí maidir le hathbhunú dúlra, rangú, lipéadú agus pacáistiú ceimiceán, cáilíocht an aeir, cóireáil fuíolluisce uirbigh, agus cosaint uisce dhromchla agus screamhuisce a thabhairt isteach sa dlí.

Seolfaidh an Coimisiún an próiseas chun **sprioc aeráide le haghaidh 2040** a bhunú, chun an tAontas a choimeád ar an mbóthar ceart i dtreo aeráidneodrachta faoi 2050. Cuirfidh sé an **pacáiste Eorpach um chumhacht ghaoithe** i láthair chun dlús a chur le cur in úsáid tuirbíní gaoithe, feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú agus chun tacú le hiomaíochas idirnáisiúnta thionscal na hEorpa. Cuirfimid síos tionscnamh maidir le **bainistíocht carbóin thionsclaíoch** ina leagfar amach straitéis maidir le cur in úsáid gabhála, úsáide agus stórála carbóin atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de san Aontas, ag breithniú an tábhacht a bhaineann leis chun neodracht carbóin a bhaint amach. Glacfaimid tionscnamh maidir le **hathléimneacht uisce** chun rochtain ar uisce a áirithiú do shaoránaigh, don dúlra agus don gheilleagar, agus, ag an am céanna, chun dul i ngleic le tuilte tubaisteacha agus ganntanais uisce, chomh maith le tionscnamh chun an bealach is fearr chun rioscaí aeráide a bhainistiú i réimsí beartais an Aontais a shainaithint agus a mheas.

### 3.2. Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach

Trí na 2020í a iompú ina nDeacáid Dhigiteach le spriocanna digiteacha soiléire, tá cúrsa socraithe ag an Aontas agus a Bhallstáit chun feabhas a chur ar scileanna digiteacha, riarachán agus gnólachtaí a dhigitiú, taighde agus nuálaíocht a threisiú, an bhearna dhigiteach a dhúnadh agus ár mbonneagar digiteach a uasghrádú. An tráth céanna, tá an tAontas ar thús cadhnaíochta

maidir le rioscaí dár dtodhchaí digiteach a bhainistiú. Leis an n**Gníomh um Margaí Digiteacha** agus leis an n**Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha,** tá bonn láidir leagtha síos againn chun ár margadh aonair a dhéanamh cothrom, iomaíoch, áisiúil don tomhaltóir agus sábháilte sa réimse digiteach, go háirithe do leanaí.

Cé go bhfuil go leor bainte amach, tá iarrachtaí fós ag teastáil chun teacht ar chomhaontú maidir le príomhthionscnaimh atá ar feitheamh a chuirfidh an clár oibre digiteach chun cinn a thuilleadh agus a neartóidh athléimneacht na hEorpa. Ligfidh **an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla** don Eoraip soláthairtí intíre a neartú, lena n- áirítear trí acmhainneacht scagtha agus athchúrsála a mhéadú, éagsúlú a dhéanamh ar allmhairí na n- ábhar ríthábhachtach sin, agus dreasacht a thabhairt dár dtionscal chun rioscaí soláthair a bhainistiú níos fearr, agus fanacht iomaíoch an tráth céanna. Tógfaidh na forálacha ar láidreachtaí an mhargaidh aonair chun cur le cleachtais níos inbhuanaithe agus níos ciorclaí agus beifear in ann amhábhair a cheannach i gcomhpháirt trí ardán tiomnaithe. Tá roinnt mhaith dár gcomhpháirtithe ar fud an domhain ag iarraidh obair le chéile chun tionscail áitiúla a fhorbairt le haghaidh próiseála agus scagtha chun slabhraí soláthair domhanda amhábhar a neartú. Sin é an fáth a thionólfar an chéad chruinniú den **Chlub nua um Amhábhair Chriticiúla** níos déanaí i mbliana. Glacfaimid freisin **plean maidir le hábhair ardleibhéil don cheannaireacht thionsclaíoch** a bhfuil sé d'aidhm aige, i gcomhar leis na Ballstáit, dlús a chur le forbairt ábhar ardleibhéil atá sábháilte, inbhuanaithe agus ciorclach, agus lena nglacadh tionsclaíoch ar mhaithe leis an aistriú glas agus digiteach.

Tacóidh an **Gníomh um Thionscal Glan- Nialasach** le tionscal na hEorpa chun na teicneolaíochtaí nuálacha agus straitéiseacha a theastaíonn i ngeilleagar a bhfuil glanastaíochtaí nialasacha aige a fhorbairt agus a ghlacadh, amhail tuirbíní gaoithe, teaschaidéil, painéil ghréine, leictrealóirí, teicneolaíochtaí núicléacha chomh maith le stóráil $CO_2$. Tá an t- éileamh ag méadú, san Eoraip agus ar fud an domhain araon, agus táimid ag gníomhú anois chun a áirithiú go bhféadfaidh soláthairtí Eorpacha freastal ar níos mó den éileamh sin.

Ní mór dúinn freisin dul chun cinn a dhéanamh ar an **ionstraim éigeandála margaidh aonair**, chun cuidiú le saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine a chaomhnú agus infhaighteacht earraí agus seirbhísí ríthábhachtacha i gcás cur isteach gan choinne sa todhchaí.

Tá an **pacáiste faoisimh FBM**, lena **athbhreithniú ar an Treoir um íocaíochtaí déanacha** agus an simpliú cánach lena mbunaítear **córas cánachais ceannoifige**, deartha chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide na hEorpa, arb iad cnámh droma ár ngeilleagar iad.

Tá na tograí atá ar feitheamh maidir le h**intleacht shaorga** (IS) ríthábhachtach chun teicneolaíocht atá ag forbairt go han- tapa le blianta beaga anuas a chur i bhfeidhm go sábháilte agus go tairbheach. Tá an deis atá ann an teicneolaíocht seo a threorú go freagrach ag dul in éag.

In éineacht le hiarrachtaí comhbheartaithe lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chun rialachas domhanda IS a neartú, **osclóimid ár ríomhairí ardfheidhmíochta do ghnólachtaí nua- thionscanta IS** chun nuálaíocht Eorpach a éascú. Tugann cláir satailíte Copernicus, EGNOS agus Galileo na hEorpa tairbhí ollmhóra cheana féin dár ngeilleagar agus dár sochaithe agus bíonn ról lárnach acu maidir le hathrú aeráide a thuiscint, a ullmhú agus a chomhrac. Ina

theannta sin, bunóidh IRIS[2] bonneagar criticiúil le haghaidh nascacht dhaingnithe, maille le feidhmeanna tábhachtacha cosanta.

Tá gá le hinfheistíochtaí móra i líonraí digiteacha chun ár spriocanna maidir leis an Deacáid Dhigiteach le haghaidh 2030 a bhaint amach. Tar éis an réamhchomhairliúcháin a rinneadh le déanaí, réiteoimid an bealach le haghaidh gníomhaíochtaí beartais agus rialála a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le **Líonraí Digiteacha agus bonneagar Digiteach**, go háirithe chun oibreoirí bonneagair trasteorann sa Mhargadh Aonair a éascú, dlús a chur le himscaradh teicneolaíochtaí agus tuilleadh caipitil a mhealladh isteach i líonraí.

Tá tábhacht mhéadaithe ag baint le tionscal an spáis maidir le faire na cruinne agus táirgí agus seirbhísí nua- aimseartha nasctha, chomh maith le cosaint agus slándáil. Tá sé d'aidhm ag **straitéis spáis le haghaidh slándála agus cosanta**[8] 2023 feabhas a chur ar athléimneacht bhonneagar spáis agus chumais spáis an Aontais chun tacú le slándáil agus cosaint, agus chun comhpháirtíochtaí a chur chun cinn maidir le hiompraíocht fhreagrach sa chianspás. In 2024 molfaimid **dlí Eorpach spáis** a leagfaidh síos rialacha, mar shampla maidir le bainistíocht tráchta spáis, ach freisin maidir leis an gcaoi a gcoimeádfaimid ár mbonneagar spáis criticiúil slán. Comhlánófar é le **straitéis maidir leis an ngeilleagar sonraí spáis** chun úsáid sonraí spáis a mhéadú thar earnálacha eacnamaíocha.

### 3.3. Geilleagar a fhóireann do dhaoine

Tá **athléimneacht léirithe ag geilleagar an Aontais** i bhfianaise raon géarchéimeanna gan fasach. Chuaigh sé i ngleic le tionchair shocheacnamaíocha na paindéime domhanda COVID- 19 agus chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Mar sin féin, tá dúshláin thábhachtacha le sárú aige maidir lena iomaíochas, a bheidh mar ábhar na tuarascála atá le teacht ag Mario Draghi. Trí athchóirithe a chur síos chun rathúnas eacnamaíoch agus iomaíochas fadtéarmach an Aontais a áirithiú agus cur chun feidhme iomlán Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a áirithiú an tráth céanna, rinneamar **geilleagar margaidh sóisialta uathúil an Aontais a neartú**.

Tá sé ríthábhachtach go dtiocfar ar chomhaontú maidir le tograí atá ar feitheamh chun ár margadh aonair, atá mar bhonn le hiomaíochas inbhuanaithe an Aontais, a dhoimhniú. I ndáil leis sin, ní mór dúinn **Aontas na Margaí Caipitil** a chur chun cinn a thuilleadh trí na tograí a chomhaontú maidir le dócmhainneacht, imréiteach, simpliú rochtain cuideachtaí ar mhargaí caipitil poiblí agus méadú a dhéanamh ar acmhainneacht infheistíochta fhadtéarmach cuideachtaí árachais, chomh maith le tuilleadh céimeanna a thógáil chun dul i dtreo **Aontais Bhaincéireachta** agus an t- athbhreithniú ar chreat bainistíochta géarchéime banc agus árachais taiscí tugtha chun críche. Thairis sin, is gá dúinn teacht ar chomhaontú maidir leis na rialacha nua a bhaineann le nósanna imeachta um cháin shiarchoinneálach, an togra chun cosc a chur ar mhí- úsáid eintiteas caoch chun críocha cánach agus sraith beart chun córas Cánach Breisluacha (CBL) an Aontais a nuachóiriú agus é a dhéanamh níos athléimní in aghaidh na calaoise trí ghlacadh le digitiú.

Ina theannta sin, is gá dúinn dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an **togra chun feabhas a chur ar chánachas gnó** (**BEFIT** agus praghsáil aistrithe) agus maidir le**hathchóiriú cuimsitheach ar Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh**. I réimse an airgeadais dhigitigh, is

[8] JOIN(2023) 9.

gá dúinn dul ar aghaidh leis na tograí chun rialacha maidir le seirbhísí íocaíochta a fheabhsú agus creat a thabhairt isteach maidir le rochtain ar shonraí airgeadais ('maoiniú oscailte'), agus an chaibidlíocht maidir leis an togra lena mbunaítear an creat dlíthiúil le haghaidh Euro digiteach a chur chun cinn.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le cur chun feidhme **Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta** trína phlean gníomhaíochta agus a phríomhspriocanna le haghaidh 2030. Cuireadh rialacha ar aghaidh chun feabhas a chur ar dhálaí oibre ardáin agus cuireadh creat le haghaidh íosphá leordhóthanach ar aghaidh freisin, spreag Bliain Eorpach na Scileanna raon leathan gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí práinneacha scileanna a imríonn tionchar diúltach ar roinnt earnálacha, amhail an tAcadamh um Scileanna Cibearshlándála, agus tá an Comhshocrú um Scileanna curtha ar bun. Éascaíodh rochtain daoine óga ar mhargadh an tsaothair leis an Ráthaíocht don Aos Óg atreisithe agus leis an tionscnamh atá le teacht chun ár gcreat cáilíochta do chúrsaí oiliúna a thabhairt cothrom le dáta. Cuidíonn an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí le heisiamh sóisialta a chomhrac agus a chosc trí rochtain éifeachtach a ráthú do leanaí ar thacar príomhsheirbhísí, lena n- áirítear oideachas saor in aisce, cúram sláinte saor in aisce, cothú sláintiúil agus tithíocht leordhóthanach. Leanfaidh an Coimisiún ag tacú leis na comhreachtóirí chun teacht ar chomhaontú maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta.

Mar fhreagra ar thuarascáil féintionscnaimh reachtach ó Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh an Coimisiún i láthair tionscnamh ar **chomhairlí Eorpacha oibreacha** in 2024.

Tar éis Chruinniú Mullaigh Val Duchesse, oibreoimid le gnólachtaí agus le ceardchumainn chun **ár margadh saothair a dhéanamh níos sláine i bhfad na haimsire** i bhfianaise athruithe domhainfhréamhaithe sa teicneolaíocht, sa tsochaí agus sa déimeagrafaíocht. Tógfaimid ar an mbosca uirlisí déimeagrafaíochta chun cuidiú lenár gcaipiteal daonna ina iomláine a ghníomhachtú.

Cuideoidh tionscnamh atá le teacht chun tairbhí iomlána na **biteicneolaíochtaí agus na bithmhonaraíochta a bhaint amach, rud atá ríthábhachtach d'iomaíochas** agus nuachóiriú thionscal an Aontais mar gheall ar a n- acmhainneacht ard fáis agus a dtáirgiúlacht saothair.

Foilseoidh an Coimisiún freisin a naoú tuarascáil ar chomhtháthú ina leagfar amach staid an chomhtháthaithe shóisialta, eacnamaíoch agus chríochaigh san Aontas, ag féachaint do na gníomhaíochtaí a rinneadh le blianta beaga anuas.

### 3.4. Eoraip níos láidre sa domhan mór

Ar an ardán domhanda, leanaimid ar aghaidh le **teannais mhéadaitheacha agus suaitheadh geopholaitiúil a fheiceáil.** Cuireann na hionsaithe sceimhlitheoireachta neamh- idirdhealaitheacha agus brúidiúla a rinne Hamas in aghaidh Iosrael agus a mhuintire bagairt dhíreach ar shíocháin agus ar shlándáil sa réigiún agus cuireann siad i dtábhacht an gá atá le hiarrachtaí athnuaite chun Próiseas Síochána an Mheánoirthir a athbheochan. Leanann an Rúis, lena cogadh foghach in aghaidh na hÚcráine agus a gníomhaíochtaí laistigh de na fóraim idirnáisiúnta, ag tabhairt dúshlán bhunsraith an iltaobhachais agus an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe.

Chruthaigh tacaíocht mhíleata an Aontais don Úcráin bearnaí criticiúla i stoc- chairn chosanta na mBallstát. Mar fhreagra air sin, thugamar **tacaíocht do na Ballstáit chun tionscal cosanta**

**na hEorpa a neartú** trí ionstraim um sholáthar comhpháirteach (EDIRPA)[9] agus Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach in Earnáil na Cosanta. Ina theannta sin, mhéadaíomar acmhainneacht táirgeachta an **Ghnímh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin** (ASAP)[10]. Leis an tríú **Dearbhú Comhpháirteach den chomhar idir an tAontas agus ECAT**[11] leathnaíodh ár gcomhar chuig réimsí nua atá criticiúil don tslándáil – athléimneacht, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí bunathraitheacha, earnáil na cosanta agus earnáil an spáis.

Leanfaimid orainn ag neartú agus ag tógáil naisc níos athléimní leis an domhan trínár **Global Gateway**[12] trí bhíthin ár **gcur chuige Foireann na hEorpa** a chur i bhfeidhm. Táimid ag cur straitéisí earnála agus pleananna gníomhaíochta chun feidhme, lena n- áirítear an straitéis maidir le rannpháirtíocht idirnáisiúnta fuinnimh[13], an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan[14], an straitéis spáis le haghaidh slándála agus cosanta[15], an nuashonrú ar straitéis slándála muirí an Aontais[16], an Teachtaireacht Chomhpháirteach ar chomhpháirtíocht leis an Murascaill[17] agus an clár oibre nua do Mheiriceá Laidineach agus don Mhuir Chairib[18].

Leanfaimid ag obair leis na Balcáin Thiar, in éineacht leis an Úcráin, an Mholdáiv agus an tSeoirsia, i bhfianaise a n- aontachais chuig an Aontas amach anseo. Coinneoimid ar bun freisin ár dtacaíocht do Chomhpháirtíocht an Oirthir agus do Chomharsanacht an Deiscirt.

Leanfaidh an tAontas ag obair chun comhpháirtíochtaí a thógáil le tíortha agus le heagraíochtaí ar fud na cruinne. Go háirithe, is gá dúinn leanúint lenár n- iarrachtaí **ár gcomhpháirtíocht chomhthairbheach leis an Afraic a neartú**, agus déanfaimid ár gcur chuige straitéiseach a fhorbairt a thuilleadh chun dul chun cinn a dhéanamh air leis an Aontas Afracach ag an gcéad Chruinniú Mullaigh eile idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach.

Tabharfaidh **straitéis thionsclaíoch na cosanta Eorpaí** tuilleadh spreagadh chun cumais chosanta na mBallstát a fhorbairt, agus bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí nua- aimseartha agus athléimní mar bhonn taca fúithi. Leanfaimid, sa chreat sin, de bheith ag comhdhlúthú na ngníomhaíochtaí maidir le leanúnachas atreisiú bhonn tionsclaíoch cosanta na hEorpa tar éis 2025. In 2024, leanfaimid freisin le hiarrachtaí chun an **Compás Straitéiseach**[19] a chur chun feidhme chun ár n- ullmhacht cosanta a neartú agus chun soláthraí slándála níos láidre agus níos cumasaí a dhéanamh den Aontas Eorpach. Leanfaidh an tAontas ag déanamh tuilleadh forbartha ar an mbosca uirlisí chun **ionramháil agus trasnaíocht faisnéise eachtrach a chomhrac** chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar ghníomhaíochtaí urchóideacha ón gcoigríoch.

---

9 COM(2022) 349.
10 Rialachán (AE) 2023/1525 an 20 Iúil 2023.
11 https://www.nato.int/cps/en/natohq/official_texts_210549.htm
12 JOIN(2021) 30.
13 JOIN(2022) 23.
14 JOIN(2022) 28.
15 JOIN(2023) 9.
16 JOIN(2023) 8.
17 JOIN(2022) 13.
18 JOIN(2023)17.
19 https://www.eeas.europa.eu/eeas/strategic-compass-security-and-defence-1_en

Leanfaimid orainn **an daonlathas, cearta an duine, an smacht reachta** agus **iltaobhachas** éifeachtach a chosaint agus a chur chun cinn. Leanfaimid lenár n-iarrachtaí chun leanaí atá thíos le coinbhleacht armtha a chosaint, go háirithe trí threoirlínte athbhreithnithe AE a chur i láthair. Leanfaidh dlúthpháirtíocht an Aontais de bheart a dhéanamh de réir briathair trí chabhair dhaonnúil agus tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta araon. Rachaimid i gcomhar go cuiditheach leis na comhpháirtithe uile agus leanfaimid de bheith ag tacú le clár oibre athchóirithe Ard- Rúnaí na Náisiún Aontaithe, lena n- áirítear ullmhúcháin do Chruinniú Mullaigh na Todhchaí i Meán Fómhair 2024.

Mar cheannaire domhanda agus bunaitheoir caighdeán, is gá dúinn dlús a chur le **clár oibre trádála oscailte agus cothrom** atá dírithe ar iomaíochas, athléimneacht agus inbhuanaitheacht. Leanfaimid lenár gcuid oibre chun comhar agus caidreamh trádála a fheabhsú le comhpháirtithe, agus stiúrfaimid iarrachtaí domhanda chun an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a athchóiriú. Le straitéis trádála athbhreithnithe an Aontais, cuirtear chun cinn beartas oscailte, inbhuanaithe agus teanntásach, a thacaíonn leis na claochluithe glasa agus digiteacha.

**D'éirigh linn caibidlíocht maidir le comhaontuithe trádála a thabhairt chun críche leis an tSile, leis an Nua- Shéalainn agus leis an gCéinia**. Táimid ag iarraidh freisin **comhaontuithe a thabhairt chun críche leis an Astráil, Meicsiceo agus Mercosur**. Leanfaidh an Coimisiún freisin de **chaibidlíocht a bhrú ar aghaidh leis an India agus leis an Indinéis, chomh maith leis na comhaontuithe trádála digiteacha le Singeapór agus le Poblacht na Cóiré.** Neartaíodh an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá freisin trínár gcuid oibre sa Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta. Arna spreagadh uaidh sin, seoladh **Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus an India** i mbliana. An tráth céanna, neartaíomar ár n- uirlisí in aghaidh cleachtais éagóracha trádála, agus gníomhóimid chun a áirithiú go leanfaidh an iomaíocht dhomhanda de bheith cothrom. Dá bhrí sin, sheol an Coimisiún **imscrúdú frith- fhóirdheontais ar fheithiclí leictreacha a thagann ón tSín**.

### 3.5. Ár ndóigh bheatha Eorpach a chur chun cinn

Mar fhreagra ar phaindéim COVID- 19, thosaigh an Coimisiún ag leagan an bhunsraith le haghaidh Aontas Sláinte na hEorpa. Cuimsíonn sé sin **creat atreisithe um shlándáil sláinte**, lena n- áirítear an **tÚdarás nua um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte**, chomh maith le **Plean Sáraithe Ailse na hEorpa**, atá ceannródaíoch, agus tograí chun an **Spás Eorpach um Shonraí Sláinte** a thógáil agus an reachtaíocht chógaisíochta a athchóiriú**.** Ghlac an tAontas freisin le **straitéis sláinte dhomhanda an Aontais**[20] nua chun a iarrachtaí cúram sláinte a neartú ar fud an domhain a threorú.

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag tacú leis an obair ar na snáitheanna reachtacha agus oibríochtúla araon a bhaineann le bainistíocht na himirce. Tá sé fíor- riachtanach go dtabharfadh na comhreachtóirí an **Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann**[21] **chun críche faoi dheireadh an tsainordaithe reachtaigh seo.** An tráth céanna, tá sé fíor- riachtanach leanúint de ghníomhaíocht oibríochtúil a dhéanamh chun freagairt

[20] COM(2022) 675.
[21] COM(2020)609

chomhchoiteann an Aontais ar dhúshláin imirce a chur chun cinn, i gcomhar lenár bpríomh-chomhpháirtithe.

Ghníomhaigh an Coimisiún freisin chun na ceithre cholún de **Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála** a neartú[22]: aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí, cur le cibearshlándáil, comhar um fhorfheidhmiú an dlí a chothú agus tacú le hathléimneacht in aghaidh bagairtí hibrideacha. Áirítear leis sin tionscnaimh chun ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint ar líne, slándáil mhuirí an Aontais a neartú, lena n- áirítear i gcomhthéacs athléimneacht an bhonneagair chriticiúil agus sócmhainní spáis an Aontais amhail satailítí a chosaint agus gníomhaíochtaí naimhdeacha sa spás a dhíspreagadh.

Beidh príomhról ag an **nGníomh um Chibear- Athléimneacht** agus an **Gníomh um Chibear- Dhlúthpháirtíocht** maidir le cibearshlándáil a atreisiú, trí shlándáil an tslabhra soláthair a threisiú agus trí dhlúthpháirtíocht a neartú ar leibhéal an Aontais chun bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, a ullmhú agus chun freagairt níos fearr orthu.

Mar a leagtar amach sa séú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir leis an Aontas Slándála, is gá teacht ar chomhaontú freisin ar thograí a **fheabhsóidh slándáil ár saoránach** agus a rachaidh i ngleic go héifeachtach leis an gcoireacht agus, an tráth céanna, a sheasann lenár luachanna bunúsacha. Áirítear leis sin na tograí maidir le cibear- athléimneacht, Cód an Aontais lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha, malartú sonraí uathoibrithe le haghaidh comhar póilíneachta (Prüm II), bailiú agus aistriú réamhfhaisnéise maidir le paisinéirí, frith- gháinneáil ar dhaoine, an comhrac in aghaidh mí- úsáid gnéasach leanaí, aisghabháil agus coigistiú sócmhainní, agus sainmhíniú ar chionta coiriúla agus pionóis.

Leis an **bplean gníomhaíochta maidir le frith- gháinneáil ar dhrugaí agus coireacht eagraithe, lena n- áirítear an Chomhghuaillíocht Eorpach um Chalafoirt**, réitítear an bealach le haghaidh iarrachtaí comhpháirteacha níos éifeachtaí sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe agus in aghaidh na gáinneála neamhdhleathaí ar dhrugaí. Molfaidh an Coimisiún freisin nuachóiriú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil chun **comhrac in aghaidh smuigleáil imirceach,** lena áirithiú go bhfuil na huirlisí dlíthiúla agus oibríochtúla is gá againn chun freagairt don *modus operandi* nua atá ag smuigléirí. Ina theannta sin, eagróidh an Coimisiún comhdháil idirnáisiúnta maidir le smuigleáil daoine a chomhrac, i bhfianaise an ghá atá le comhar idirnáisiúnta agus le comhghuaillíocht láidir dhomhanda sa réimse sin.

San ardoideachas, molfaidh an Coimisiún treoirphlean don **chéim chomhpháirteach Eorpach** amach anseo, a chuideoidh le Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach. Tacófar leis le moltaí maidir le dearbhú cáilíochta san ardoideachas agus maidir le gairmeacha acadúla tarraingteacha.

### 3.6. Ugach nua do dhaonlathas na hEorpa

Le linn na tréimhse oifige seo, leag an Coimisiún tábhacht ar leith lenár **ndaonlathas Eorpach a neartú agus a athbheochan**. Rinne **an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach** ár gcuid oibre a threorú agus é mar sprioc aige saoránaigh a chumhachtú agus daonlathais níos athléimní a thógáil ar fud an Aontais trí shaorthoghcháin chóra a chur chun cinn, trí shaoirse na meán a neartú agus trí bhréagaisnéis a chomhrac. Cleachtadh gan fasach ar an daonlathas

[22] COM(2020) 605.

rannpháirtíochta a bhí sa **Chomhdháil ar thodhchaí na hEorpa** agus thug sí deis dúinn éisteacht le tuairimí saoránach ar fud an Aontais ar thodhchaí ár nAontais. Leis an **nglúin nua de phainéil saoránach** a rinneamar ar bhonn píolótach do thrí phríomhthionscnamh in 2023[23], agus le tuilleadh le teacht an bhliain seo chugainn, rinneamar rannpháirtíocht na saoránach a leabú ar bhealach níos coincréití fós inár mbosca uirlisí ceaptha beartais. Leagadh béim ar leith ar dhul i gcomhar leis an nglúin óg, a mbíonn ról ríthábhachtach aici i múnlú na todhchaí, agus bhí aon trian de na painéalaithe idir 16 agus 25 bhliain d'aois.

I gcomhréir le gealltanais Threoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen, rinne an Coimisiún obair leantach ar **thuarascálacha féintionscnaimh reachtacha ó Pharlaimint na hEorpa**.

Is réamhchoinníoll maidir le feidhmiú daonlathach an Aontais agus a Bhallstáit é breithiúnacht neamhspleách agus urraim don **smacht reachta.** Cuidíonn an timthriall bliantúil um an Smacht Reachta chomh maith leis an Sásra Coinníollachta chun é sin a áirithiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá dul chun cinn suntasach déanta i réimsí ríthábhachtacha eile dár sochaithe daonlathacha. Táimid tar éis teacht chun cinn le príomh- mholtaí maidir le **trédhearcacht agus cothroime an phróisis toghcháin** do **neartú agus do chosaint chearta** grúpaí éagsúla sa tsochaí, agus **saoirse agus neamhspleáchas** iriseoirí san Aontas a ráthú. Leanaimid de bheith ag obair ar **ár n- athléimneacht dhaonlathach a thógáil ón taobh istigh agus cosaint a thabhairt in aghaidh tionchair sheachtracha mhíchuí**. Tá creat láidir dlíthiúil againn anois freisin le haghaidh **comhar breithiúnach trasteorann**, lena n- áirítear imeachtaí cúirte agus cumarsáid dhigiteach.

Ní mór do shochaí oscailte agus ionchuimsitheach **cearta agus cosaint chomhionann** a ráthú do gach grúpa sa tsochaí. Sin an fáth ar ghlac an Coimisiún le straitéisí tiomnaithe maidir le cearta leanaí, comhionannas inscne, frithchiníochas, comhionannas na Romach, comhionannas LGBTIQ, cearta daoine faoi mhíchumas agus cearta íospartach. Comhaontaithe tar éis 10 mbliana de chaibidlíocht, cuirfidh an **Treoir maidir le mná ar bhoird** oibleagáid ar chuideachtaí spriocanna soiléire maidir le poist stiúrthóirí a bhaint amach faoi lár 2026. I mbliana, ghlacamar rialacha nua maidir le trédhearcacht pá idir fir agus mná, rud a neartaigh cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann, céim thábhachtach i dtreo an chomhionannais inscne agus chun an bhearna pá inscne a dhúnadh. Leis an aontachas le déanaí do **Choinbhinsiún Iostanbúl 2016 de chuid Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh a chosc agus a chomhrac**, tá comhartha láidir seolta ag an Aontas Eorpach go bhfuil sé meáite ar fhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní de gach cineál a chosc, a dhaoradh agus a chomhrac.

Chun an creat ceart a bheith aige do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún comhaontuithe a éascú maidir le **reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha** agus **trédhearcacht na fógraíocht polaitiúla spriocdhírithe**. I dteannta Pharlaimint na hEorpa, tá feachtas cumarsáide seolta ag an gCoimisiún freisin a bhfuil sé mar aidhm aige líon na saoránach soghluaiste de chuid an Aontais a vótálfaidh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa 2024 a mhéadú.

Tá sochaí shibhialta faoi bhláth agus tírdhreach na meán saor agus criticiúil mar chnámh droma na sochaí daonlathaí, agus tá gá le comhaontú ar an **Treoir maidir le himeachtaí sibhialta**

[23] Cur amú bia, domhain fhíorúla agus soghluaisteacht foghlama.

**straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail (SLAPP)** agus an **Gníomh um Shaoirse na Meán**.

Iarraimid freisin ar chomhreachtóirí teacht ar chomhaontú i dtaca leis na tograí don Treoir maidir le **foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac**, an **Treoir um chearta íospartaigh**, na **caighdeáin bheartaithe do chomhlachtaí náisiúnta comhionannais** agus an Treoir lena mbunaítear an **cárta míchumais Eorpach** agus, an bhliain seo chugainn, glacfaimid **Moladh ón gCoimisiún maidir le córais cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú** sna Ballstáit agus áiritheoimid go mbainfí úsáid níos fearr as uirlisí AE atá ann cheana (reachtaíocht, bearta beartais agus cistiú).

Ós rud é go mbíonn tionchar níos mó ag an spás um fhaisnéis dhigiteach ar an díospóireacht phoiblí agus ar an gcinnteoireacht pholaitiúil, tá sé fíor- riachtanach leanúint leis an obair ar **bhréagaisnéis a chomhrac** chun malartú tuairimí saor agus cóir a áirithiú, go háirithe roimh na toghcháin Eorpacha.

## 4. Conclúid

Le 4 bliana anuas, **tá sé léirithe ag an Aontas go bhfuil sé doroinnte agus diongbháilte dul i ngleic le dúshláin ár nglúin, do ghlúine an lae amárach**. Ghníomhaigh muid le chéile chun freagairt go cinntitheach chun tacú le hEoraip na saoirse, an rathúnais agus na síochána. Ní mór dúinn leanúint leis an obair seo agus bunsraith dhaingean a leagan síos chun **ár nAontas a neartú agus chun ullmhú don todhchaí**.

Oibreoidh an Coimisiún seo go dtí an lá deiridh dá thréimhse oifige chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin choiteanna atá againn. Soláthróimid **tacaíocht láidir do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun comhaontuithe a éascú** ar phríomhthograí atá fós ann, agus cuirfimid síos an tráth céanna **cúpla tionscnamh nua** atá fós ag teastáil **chun ár ngealltanais a bhaint amach agus chun an tAontas a ullmhú don lá amárach**.

Soláthraítear forbhreathnú mionsonraithe ar obair phleanáilte an Choimisiúin do 2024 sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an gclár oibre seo.